# Éire

Nuashonrú deireanach: 29-01-2025

## ÉIRE S DOMHAN AGUS IN AE

**2022, foinsí: Eurostat agus FAO**

Sa bhliain 2022, bhí Éire sa 6ú háit in AE-27 i dtaca le táirgeacht iascaigh agus sa 6ú háit i dtaca le táirgeacht dobharshaothraithe.

| (1.000 tonna) | An Domhan | AE-27 | Éire | % An Domhan | % AE-27 |
|---|---|---|---|---|---|
| Gabhálacha | 92.050 | 3.466 | 175 | 0,191% | 5% |
| Dobharshaothrú | 130.885 | 1.089 | 40 | 0,031% | 4% |
| **Iomlán** | **222.936** | **4.554** | **215** | **0,097%** | **5%** |

## CABHLACH IASCAIGH


**Cabhlach: 2023, foinse: Clár cabhlaigh iascaigh AE - Eurostat  Fostaíocht: 2022, foinse: JRC**


| Árthaí (2023) | | Toilleadh (2023) | | Cumhacht (2023) | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon: 2.035 | | OT: 64.404 | | KW: 180.534 | |
| CLA IOMLÁN: 1.745 (2022, foinse: JRC) | | | | | |
| **0-11 m** | **12-23 m** | | **24-39 m** | | **>40 m** |
| Poist (CLA): 52% | Poist (CLA): 22% | | Poist (CLA): 22% | | Poist (CLA): 4% |

OT: Olltonnáiste - KW: Cileavata - CLA: Cóibhéis Lánaimseartha

**Cabhlach iascaigh na hÉireann de réir faid agus trealaimh**

(%de líon iomlán na n-árthaí)



Nuashonrú deireanach: 29-01-2025

# CUR I dTÍR


**Foinse: EUMOFA, bunaithe ar shonraí ó Eurostat.**

Is ionann cur i dtír agus an chéad díluchtú táirge iascaigh ar bith ó árthach iascaigh i mBallstát ar leith. San áireamh sin tá plandaí uisceacha agus speicis nach bia don duine iad. Déantar taifead ar chur i dtír de réir glanmheáchain agus luacha, agus is cur i dtír a dhéanann árthaí as Ballstáit AE, as an Íoslainn, as an Iorua agus as an Ríocht Aontaithe atá i gceist.

Sa bhliain 2022, táirgí úra iomlána/dí-innithe a íosfaidh daoine a bhí sa chur i dtír ar fad beagnach in Éirinn, ach bhí cainníochtaí níos lú ann freisin lena n-úsáid sa tionsclaíocht, mar bheathú d'ainmhithe agus le húsáid anaithnid.

Tá 170 calafort iascaigh cláraithe in Éirinn (foinse: Clár Máistirshonraí AE, 31 Deireadh Fómhair 2024).

**Cur i dtír iomlán.** Díbhoilscítear luachanna leis an díbhoilsceoir praghsanna OTI (bonn=2015)




**Na príomhspeicis tráchtála a cuireadh i dtír agus % den iomlán**

2022, milliún euro (luach ainmniúil) agus 1,000 tonna

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| GLIOMACH NA HIORUA | 79 | 19,5% | 97 | 38,2% | FAOITÍN GORM |
| RONNACH | 77 | 19,0% | 51 | 20,3% | RONNACH |
| LÁIMHÍNEACH | 37 | 9,1% | 16 | 6,3% | BOLMÁN ATLANTACH |
| COLMÓIR | 33 | 8,1% | 10 | 3,8% | COLMÓIR |
| FAOITÍN GORM | 27 | 6,7% | 8 | 3,3% | LÁIMHÍNEACH |
| EILE | 153 | 37,6% | 71 | 28,1% | EILE |

Nuashonrú deireanach: 29-01-2025

# DOBHARSHAOTHRÚ


**Foinsí: EUMOFA, bunaithe ar EUROSTAT agus FAO**

Is ionann dobharshaothrú agus saothrú orgánach uisceach (fionnuisce nó sáile) amhail éisc, moilisc, crústaigh agus plandaí uisceacha. Déantar taifead ar shonraí dobharshaothraithe de réir coibhéise beomheáchain agus luacha.

Tarlaíonn formhór tháirgeacht na hÉireann in uisce mara agus in uisce goirt, ní tharlaíonn ach 1% i bhfionnuisce. Seo a leanas na príomh-mhodhanna táirgthe a úsáideadh:

- 53% den táirgeacht: aníos ón ngrinneall in uisce goirt mara;
- 30% den táirgeacht: i gcliabháin in uisce mara agus in uisce goirt;
- 16% den táirgeacht: ar an ngrinneall in uisce mara agus in uisce goirt;
- 1% den táirgeacht: ag baint úsáid as dabhcha agus sraothanna éisc i bhfionnuisce.

**Táirgeacht iomlán.** Díbhoilscítear luachanna leis an díbhoilsceoir praghsanna OTI (bonn=2015)




**Na príomhspeicis tráchtála a saothraíodh agus % den iomlán**

2022, milliún euro (luach ainmniúil) agus 1,000 tonna

| | | |
|---|---|---|
| BRADÁN | 101,1 | 63,5% |
| OISRE | 42,3 | 26,6% |
| DIÚILICÍN | 14,8 | 9,4% |
| BREAC | 0,4 | 0,3% |
| FEAMAINN AGUS ALGAÍ EILE | 0,4 | 0,2% |

| | | |
|---|---|---|
| 18,9 | 47,3% | DIÚILICÍN |
| 11,9 | 29,8% | BRADÁN |
| 8,2 | 20,6% | OISRE |
| 0,5 | 1,3% | FEAMAINN AGUS ALGAÍ EILE |
| 0,4 | 1,0% | BREAC |

# EAGRAÍOCHTAÍ TÁIRGEOIRÍ

**Sonraí ón 11-12-2024, foinse: DG MARE, nasc**

Aithnítear **7 n-eagraíocht táirgeoirí (ET)** go hoifigiúil in Éirinn. Is é an ról atá acu ná cuidiú le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) agus Chomheagrú na margaí (CEM) a bhaint amach trí mheán gníomhaíochtaí a gcuid ball a chomhbhainistiú.

Ar na 7 ET, oibríonn 4 cinn in earnáil an iascaigh, ceann amháin sa dobharshaothrú agus 2 cheann sa dá earnáil, idir iascach agus dhobharshaothrú.


# CÉAD DÍOLACHÁIN

**2024, foinse: EUMOFA**

Is ionann céad díolacháin agus an t-iasc a dhíoltar nó a chláraítear ag lárionad ceantála nó le ceannaitheoirí cláraithe nó le heagraíochtaí táirgeoirí (ET). Ní gá gurb ionann céad díolacháin agus cur i dtír óir níl iasc a chuireann árthaí de chuid cuideachtaí próiseála i dtír nó díolacháin dhíreacha le próiseálaithe san áireamh sna chéad díolacháin.

Sa bhliain 2024, bhí 188,439 tonna agus 250 milliún euro san iomlán sna chéad díolacháin.

Ba sna 3 áit díolacháin ba mhó a bhí 77% de thoirt agus 52% de luach na gcéad díolachán iomlán.




| 3 áit díolacháin ba mhó | Toirt (tonna) | Luach (milliún euro) | Na 3 phríomhspeicis tráchtála (luach) |
|---|---|---|---|
| Killybegs | 133.062 | 83 | Ronnach, faoitín gorm, portán |
| Kilmore Quay | 10.012 | 31 | Gliomach na hIorua, muirín, láimhíneach |
| Clogherhead | 1.646 | 15 | Gliomach na hIorua, breallach, láimhíneach |

Nuashonrú deireanach: 29-01-2025

## MÓRDHÍOL

Is céim idirmheánach sa bhealach dáileacháin é an mórdhíol ina gceannaítear ar an mórchóir agus ina ndíoltar le hathdhíoltóirí (m.sh. miondíoltóirí) seachas le tomhaltóirí.

Níl margadh struchtúrtha mórdhíola ar bith ann in Éirinn, ach tá roinnt cuideachtaí ann a fheidhmíonn mar dháileoirí mórdhíola. Mar gheall ar an gcomhdhlúthú le roinnt blianta anuas, tá tuairim is 80% den mhargadh faoi smacht sé mhórdhíoltóir. Ceannaíonn na dáileoirí mórdhíola táirgí ó iascaireachtaí agus ón dobharshaothrú araon, ach allmhairítear an chuid is mó dá dtáirgí. Foinse: Bord Iascaigh Mhara.

## PRÓISEÁIL

De réir Eurostat-SBS, bhí 2,455 duine fostaithe sa tionscal próiseála éisc in Éirinn sa bhliain 2021. Bhí luach breise 166.4 milliún euro ag an earnáil.

Sa bhliain 2023, ba iad “Iasc sáile iomlán reoite” agus “Filléid éisc agus feoil éisc úra nó fhuaraithe (eití siorcanna san áireamh), idir mhionaithe agus gan mhionú” na táirgí is mó dár díoladh (foinse: Eurostat-PRODCOM).


**111 chuideachta**
**Glanláimhdeachas: 621,7 milliún euro**
(2023, foinse: Eurostat - SBS)

Nuashonrú deireanach: 29-01-2025

# ALLMHAIRIÚ – ONNMHAIRIÚ

**Foinse: EUMOFA, bunaithe ar shonraí ó Eurostat-COMEXT. Tá luachanna sna barrachairteacha díbhoilscithe leis an díbhoilsceoir praghsanna OTI (bonn=2015).**


## ALLMHAIRIÚ




**Na príomhspeicis tráchtala a allmhairíodh agus % d'iomlán na n-allmhairí**
2023, milliún euro (luach ainmniúil)

| | | |
|---|---|---|
| BRADÁN | 145 | 31% |
| SÉACLAÍ (GO MÓR SÉACLAÍ ILCHINEÁLACHA) | 55 | 11% |
| TROSC | 41 | 9% |
| TUINNÍNÍ (GO MÓR BOINÍOTÓ AIGÉANACH) | 27 | 6% |
| RONNACH | 15 | 3% |
| EILE | 192 | 40% |

## ONNMHAIRIÚ




**Na príomhspeicis tráchtála a onnmhairíodh agus % d'iomlán na n-onnmhairí**
2023, milliún euro (luach ainmniúil)

| | | |
|---|---|---|
| BRADÁN | 113 | 17% |
| RONNACH | 96 | 15% |
| GLIOMACH NA HIORUA | 65 | 10% |
| PORTÁN | 43 | 6% |
| OISRE | 38 | 6% |
| EILE | 297 | 46% |

Príomhthíortha **TIONSCNAIMH** (i luach, 2023)

- An Ríocht Aontaithe 22%
- An Ísiltír 20%
- An tSualainn 8%
- An Danmhairg 7%




Príomhthíortha **CEANN SCRÍBE** (i luach, 2023)

- An Fhrainc 21%
- An Ríocht Aontaithe 20%
- An Iodáil 10%
- An Spáinn 8%


Nuashonrú deireanach: 29-01-2025

# DÁILEADH

**An slabhra soláthair táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe in Éirinn** (foinse: Bord Iascaigh Mhara):




**Rogha na dtomhaltóirí maidir le bealaí ceannaigh** (foinse: Eorabharaiméadar, 2021):




Nuashonrú deireanach: 29-01-2025

# TOMHALTAS


Meastar gurbh é 5.91 kg per capita an tomhaltas dealraitheach sa bhliain 2022, mar atá, laghdú seasta 59.41% le taobh 2021. Ba iad ronnach, bolmán, trosc, scadán agus bradán na speicis ba mhó a tomhlaíodh (foinse: EUMOFA). Is san aoisghrúpaí 40-54 agus os cionn 55 an chuid is mó de thomhaltóirí rialta, mar atá, iad siúd a itheann táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe uair sa mhí ar a laghad. Is lú an claonadh ag daoine óga (15-24) iasc a ithe go minic in Éirinn, agus in AE-28 freisin. Sa chatagóir sin, 54% den iomlán is ea tomhaltóirí rialta, líon níos ísle i bhfad ná in AE ar an iomlán (67%, an Ríocht Aontaithe san áireamh). Is táirgí úra agus deataithe, saillte nó triomaithe a itheann na hÉireannaigh go mór mór; itear iasc scaoilte (73%) níos minice ná in AE ar an iomlán (68%, an Ríocht Aontaithe san áireamh) (foinse: EUMOFA, "EU consumer habits regarding fishery and aquaculture products", 2017).

**14.56 kg**
**per capita i gcoibhéis beomheáchain**
(2022, foinse: EUMOFA)

**Tosca ceannaigh** (foinse: Eorabharaiméadar, 2021)




**Rogha daoine maidir le táirgí fiáine nó táirgí feirme** (foinse: Eorabharaiméadar, 2021)



Nuashonrú deireanach: 29-01-2025

# AN TÍR IN EUMOFA



## CUR I dTÍR

Bailítear toirteanna agus luachanna ó Eurostat – Iascach agus comhtháthaítear le sonraí ó SFPA iad. Bíonn siad ar fáil ar bhonn bliantúil agus tá rochtain orthu trí thábhlaí simplí agus casta, agus tríd an áis oll-íoslódála.

## DOBHARSHAOTHRÚ

Bailítear toirteanna agus luachanna ó Eurostat – Iascach agus comhtháthaítear le sonraí ó FAO iad. Bíonn siad ar fáil ar bhonn bliantúil agus tá rochtain orthu trí thábhlaí simplí agus casta, agus tríd an áis oll-íoslódála.

## CÉAD DÍOLACHÁIN

Bailítear toirteanna agus luachanna ón Údarás Éireannach um Chosaint Iascaigh Mhara ar bhonn míosúil, agus pléitear le gach speiceas dá ndíoltar in áiteanna díolacháin in Éirinn. Tá rochtain ar na sonraí trí thábhlaí simplí agus casta, agus tríd an áis oll-íoslódála.

Tá rochtain ar shonraí imdhealaithe freisin trí thábla casta tiomnaithe agus tríd an áis oll-íoslódála.

## MÓRDHÍOL

Níl sonraí ar fáil

## ALLMHAIRIÚ – ONNMHAIRIÚ

Bailítear toirteanna agus luachanna ó Eurostat – COMEXT. Baineann na sonraí le sreafaí trádála gach aon táirge iascaigh agus dobharshaothraithe de réir thaifead na gcustam náisiúnta. Bíonn siad ar fáil ar bonn míosúil agus bliantúil agus tá rochtain orthu trí thábhlaí simplí agus casta, agus tríd an áis oll-íoslódála.

## PRÓISEÁIL

Bailítear sonraí ó Eurostat – PRODCOM. Baineann siad le toirteanna agus le luachanna táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe díreach ón bhfeirm a dhíoltar sa tír i ndiaidh a gclaochlú ó amhábhar go táirgí deiridh. Bíonn siad ar fáil ar bhonn bliantúil agus tá rochtain orthu trí thábhlaí simplí, agus tríd an áis oll-íoslódála.

## TOMHALTAS

Bailítear toirteanna agus luachanna maidir leis na táirgí úra iascaigh agus dobharshaothraithe a thomhlaíonn teaghlaigh ó Europanel bunaithe ar thuairisciú painéil. Déantar faireachán ar shonraí maidir le 7 bpríomhspeiceas tráchtála + an mhír “Eile”, ina gcomhshuimítear na speicis eile go léir. Bíonn na sonraí ar fáil ar bhonn míosúil agus bliantúil agus tá rochtain orthu trí thábhlaí simplí agus tríd an áis oll-íoslódála. Tá phraghsanna miondíola ó shiopaí ar líne ar fáil freisin, iad bailithe trí chnuaschóipeálaí praghsanna.